



Ciorclán 0016/2019

**Chuig: Na hÚdaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Iar-bhunscoileanna
Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha aitheanta
agus príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

**An Scéim Theagmhála, Baile agus an Phobail:
Sannadh Chomhordaitheoirí Teagmhála, Baile, Scoile agus an Phobail
i Scoileanna DEIS**

1. Aidhm an chiorcláin seo

Tá sé d'aidhm ag an gCiorclán seo údaráis bhainistíochta, múinteoirí agus Príomhoidí a chur ar an eolas maidir leis na nósanna imeachta a bhaineann le sannadh Chomhordaitheoirí Teagmhála, Baile, Scoile agus an Phobail i Scoileanna DEIS (Bandaí Uirbeach 1 & 2 and Iar-bhunscoile).

Beidh ar gach Fostóir na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm le héifeacht ón 21 Feabhra 2019. Ní mór do gach múinteoir incháilithe cloí le téarmaí an chiorcláin seo.

Tiocfaidh na nósanna imeachta sa Chiorclán seo i bhfeidhm ó 21 Feabhra 2019 agus beidh siad in áit na cinn atá leagtha amach i gCiorclán 0058/2013, agus anois tá Ciorclán 0058/2013 tarraingthe siar.

2. Craobhscaoileadh an Chiorcláin seo

Cinntigh go gcuirtear cóipeanna den gCiorclán seo ar fáil do gach comhalta den Bhord Bainistíochta/den Bhord Oideachais agus Oiliúna. Cinntigh freisin go ndírítear aird gach múinteora atá á fhostú agat, lena n-áirítear iad siúd ar chead neamhláithreachta.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo, "Leabhrán Eolais do Scoileanna DEIS atá Páirteach sa Scéim Theagmhála Baile agus Pobail" agus treoir eile faoin scéim (leaganacha Gaeilge san áireamh) ag suíomh gréasáin na Roinne faoi www.education.ie.

3. Comhlíonadh

Tá leithdháileadh na bpost Teagmhála, Baile, Scoile agus Pobail ar scoileanna DEIS agus coiméad na bpost sin ag brath ar scoileanna ábhar an Chiorcláin seo a chomhlíonadh.

Maidir leis seo, cuirtear i gcuimhne do scoileanna gur cheart do scoileanna ar mhaith leo bheith páirteach i nDEIS, gach beart is gá a dhéanamh chun acmhainní a d'fhéadfaí a leithdháileadh faoi DEIS a úsáid de réir na bpríomhfhorálacha, na ceanglais agus na haidhmeanna atá ag Plean Gníomhaíochta na Scoile don Fheabhsúchán.

Freisin, ba cheart do scoileanna atá páirteach i nDEIS bheith toilteanach cloí le haon choinníollacha breise a d'fhéadfadh an Roinn Oideachais agus Scoileanna a chur i bhfeidhm ó am go ham maidir le DEIS nó le haon bheart eile faoi Plean Gníomhaíochta na Scoile chun Feabhsúcháin.

Mary Cregg
Príomhoifigeach
An tAonad um Ionchuimsiú Sóisialta

21 Feabhra 2019

Sainmhíithe

Beidh na mínithe arna sannadh orthu anseo ag na téarmaí seo a leanas chun críche an Chiorláin seo, ach amháin sa chás go léiríonn an comhthéacs a mhalairt:

TSBP - An Scéim Theagmhála, Baile agus an Phobail

DEIS - Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna

ABB - an Bord Bainistíochta

BOO - Bord Oideachais agus Oiliúna

Tuismitheoir -Sa doiciméad seo seasann an téarma 'tuismitheoir' do 'caomhnóir' freisin.

Fostóir – ciallaíonn sé sin Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) i gcás ghairmscoileanna/coláistí pobail agus Bord Bainistíochta (BOM)/Bainisteoir i gcás bunscoileanna (seachas scoileanna náisiúnta pobail), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna nó an Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht as ábhair a leagtar amach sa chiorclán seo a tharmligean mar is cuí.

Scoilbhliain – mar a shainmhíníonn an tAire Oideachais agus Scileanna ó am go chéile ag tosú faoi láthair 1 Meán Fómhair agus ag críochnú 31 Lúnasa gach bliain

An Roinn - An Roinn Oideachais agus Scileanna

Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach a bunaíodh 1 Eanáir 2014. Is gníomhaireacht tiomnaithe an Stáit í, atá freagrach as folláin agus torthaí a fheabhsú do leanaí. Is faoi na Seirbhísí Leasa Oideachais (EWS) laistigh de Tusla atá ceannaireacht agus bainistíocht oibriochta TBSP

EWS - Seirbhísí Leasa Oideachais

Tabhair faoi deara: Tar éis imeascadh na seirbhísí tacaíochta scoile DEIS (Cláir TBSP agus Críochnaithe Scolaíochta) laistigh de na Seirbhísí Leasa Oideachais (EWS), beidh feidhm na gComhordaitheoirí Réigiúnacha TSBP, mar a tugadh orthu roimhe seo, anois ag Foireann Bainistíochta Sinsearach chomhtháite an EWS. Ar mhaithe le héascaíocht, is mar a leanas a bheidh tagairt do bhaill na foirne seo ar fud an chiorcláin seo: **Bainisteoir Sheirbhísí Comhtháite EWS Tusla**



Réamhrá

Is í is aidhm leis an gCiorclán seo:

- Bainistíocht agus foirne gach Bunscoil Uirbeach DEIS agus gach Iar-bhunscoil DEIS a chur ar an eolas faoin bpróiseas maidir le múinteoirí a shannadh mar Chomhordaitheoirí TSBP.
- Bainistíocht agus foirne gach Bunscoil Uirbeach DEIS agus gach Iar-bhunscoil DEIS a chur ar an eolas maidir leis na socruithe a bhaineann le bainistiú agus tuairisciú TSBP i scoileanna DEIS.
- Na tréithe a bhfuil gá leo don phost TSBP a léiriú.
- Cur síos poist/Ról an Chomhordaitheora TSBP a léiriú.

Ábhar an Chiorcláin

Is é seo a leanas struchtúr an chiorcláin seo agus tugtar an fhaisnéis seo a leanas ann:

Mír a hAon:	Poist mar Chomhordaitheoir TSBP i Scoileanna DEIS
Mír a Dó:	An Próiseas Sannacháin don Chomhordaitheoir TSBP
Mír a Trí:	Coinníollacha Seirbhíse don phost mar Chomhordaitheoir TSBP
Mír a Ceathair:	Sannadh do phost an Chomhordaitheora TSBP
Mír a Cúig:	TSBP - Na Socruithe a Bhaineann le Bainistiú agus Tuairisciú i Scoileanna DEIS
Mír a Sé:	Treirlínte maidir leis an Deontas TSBP a úsáid
Aguisín A:	Fógra Samplach do phost Comhordaitheoir TSBP
Aguisín B:	Mionsonraí Teagmhála
Aguisín C:	Litir Samplach maidir le Sannadh don phost mar Comhordaitheoir TSBP
Aguisín D:	Foirm Shannacháin don Phost mar Comhordaitheoir TSBP
Aguisín E:	Tréithe an Chomhordaitheora TSBP
Aguisín F:	Cur síos Poist/Ról an Chomhordaitheora TSBP
Aguisín G:	Ceisteanna Coitianta

Mír a hAon



Poist mar Chomhordaitheoir TSBP i Scoileanna DEIS

1. Leithdháileadh TSBP do scoileanna

Is é príomhthionscnamh beartais na Roinne Oideachais agus Scoileanna ná Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna (DEIS) chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil, trí úsáid a bhaint as samhail dhinimiciúil agus sonraibhunnaithe chun leibhéil mhíbhuntáiste laistigh de phobail scoileanna a aithint chun a chinntiú go bhfuil leibhéal na n-acmhainní arna leithdháileadh ar scoileanna ailínithe go dlúth leis an leibhéal riachtanais aitheanta. Leagann an Plean DEIS 2017 amach fíis na Roinne Oideachais agus Scoileanna i leth idirghabhála amach romhainn sa réimse ríthábhachtach ionchuimsiú sóisialta i mbeartas oideachais.

Is poist lánaimseartha iad poist mar Chomhordaitheoirí TSBP a leithdháiltear ar scoileanna DEIS (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna uirbeacha). Leithdháiltear roinnt poist TSBP ar bhonn roinnte idir scoileanna DEIS (i gcnuasghrúpaí) agus is féidir go roinnfear iad thar dhá earnáil: leibhéal bunscoile agus leibhéal iar-bhunscoile.

Ní mór don té a cheaptar chuig an ról TSBP a bheith ina bhall reatha den fhoireann teagaisc sa scoil/i gceann de na scoileanna sa chnuasghrúpa. Ní mór tabhairt faoi dhualgais TSBP ar bhonn lánaimseartha amháin, agus ní féidir iad a chónascadh le róil teagaisc eile. Is gá sin chun aon easaontacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann (a d'fhéadfadh teacht chun cinn) idir róil an mhúinteora agus an Chomhordaitheora TSBP i dtaca leis an dalta a sheachaint.

Is gá freisin go bhfuil an ról TSBP solúbtha chun an raon dualgas a theastaíonn ón bpost a ghlacadh, gan na srianta a bhaineann le teagasc/rang a bheith ann.

2. Scoil Bhunáite don phost TSBP

Meastar go huathoibríoch gurb í scoil bhunáite an Chomhordaitheora TSP an scoil bhunáite ina bhfuil an t-iarratasóir rathúil ag teagasc i láthair na huaire. Mar sin de, meastar gurb í an scoil bhunáite nó an BOO réigiúnach (nuair is ábhartha) Fostóir an Chomhordaitheora TSBP.

3. Fad shocrúcháin sa phost mar Chomhordaitheoir TBSP

Féadfar múinteoir a cheapadh do phost Comhordaitheoir TBSP **ar feadh tréimhse uasta 5 bliana le bheith comhlánaithe an 31 Lúnasa den cúigiú bhliain. Tá gach socrúchán faoi réir leithdháileadh TSBP ar scoil(eanna) ag an Roinn.**

Tá sé riachtanach go mbeidh post an Chomhordaitheora ar oscailt do gach ball incháilithe sa scoil/sna scoileanna le iarratas a chur isteach air gach 5 bliana.

Tá poist TSBP ar oscailt chun iarratas a chur isteach orthu chun deis a thabhairt do bhaill foirne atá incháilithe léargas níos fearr a fháil ar mhíbhuntaistí oideachasúil. Agus iad ag obair mar TSBP faigheann baill foirne tuiscint ar chúlra, teaghlach, agus saol phobail na leanaí a theagascann siad. Nuair a fhilleann Comhordaitheoirí ar phost teagaisc, tugann siad an taithí sin chuig a ról mar mhúinteoir.

Agus iad ag feidhmiú sa ról TSBP, leanann gach comhordaitheoir TSBP de bheith ag baint leasa as forbairt agus oiliúint chuí in-ghairme chun a n-ullmhúchán a éascú chun tabhairt faoina ndualgais teagaisc arís.

Beidh an cnuasghrúpa scoileanna seo a bhfuil an Comhordaitheoir ag freastal orthu faoi réir athraithe ag an Roinn le linn thréimhse an socrúcháin seo.

Tar éis tréimhse uasta 5 bliana atá ceadaithe a chaitheamh sa phost, ní bheidh cead ag an gComhordaitheoir reatha TSBP iarratas a chur isteach láithreach ar an bpost mar Chomhordaitheoir TSBP. Ní mór don Chomhordaitheoir TSBP an post TSBP a fhágáil ar feadh tréimhse 3 bliana ar a laghad sula mbeidh sé/sí incháilithe iarratas a chur isteach arís ar an bpost TSBP.

4. Múinteoir Ionaid a Cheapadh

Is féidir leis an scoil bhunáite múinteoir ionaid a cheapadh in áit an mhúinteora a ceapadh don phost mar Chomhordaitheoir TSBP, faoi réir na rialachán reatha maidir le hearcú múinteoirí. Gheobhaidh sé/sí tairiscint chonartha (téarma seasta) chun críche sonraithe.

Le heolas a bhaineann le cearta Chonradh Tréimhse Éiginnte (CTÉ) a fháil féach Ciorclán 0023/2015 agus Ciorclán 24/2015.

Mír a Dó



An Próiseas Sannacháin don Chomhordaitheoir TSBP

1. Ceanglais Incháilitheachta

Ní mór d'iarrthoir ar an bpost mar Chomhordaitheoir Teagmhála, Baile, Scoile agus an Phobail:

- a. bheith ina bhall reatha den fhoireann teagaisc sa scoil/sna scoileanna sa chnuasghrúpa TSBP
- b. ar a laghad **dhá bhliain** de sheirbhís teagaisc aitheanta ag an Roinn/BOO a bheith aige/aici chun críocha creidmheasa incriminteacha
- c. a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
- d. na coinníollacha go léir den chlárú sin de réir Alt 31 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001 a bheith comhlíonta acu¹.

Níl múinteoir ionaid incháilithe chun iarratas a chur isteach.

Tá gach múinteoir buan, ar théarma seasta, páirtaimseartha, agus postroinnte atá go hiomlán cláraithe incháilithe chun cuir isteach ar an bpost mar Chomhordaitheoir TSBP, beag beann ar a stádas fostaíochta. Baineann an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Sheasta) 2003 agus an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001. **Tabhair faoi deara, le do thoil, gur post lánaimseartha amháin é an post TSBP.**

Agus tuiscint ar ról ríthábhachtach an Phríomhoide agus an Phríomhoide Tánaisteach maidir le bainistiú fhoriomlán scoile:

- (i) ní thabharfaidh Príomhoide faoi dhualgais Chomhordaitheora TSBP agus níl sé/sí incháilithe isteach a chur isteach ar an bpost TSBP.
- (ii) féadfaidh Príomhoide Tánaisteach tabhairt faoi dhualgais Chomhordaitheora TSBP ar an gcoinníoll go dtugann sé/sí suas a liúntas i leith post freagrachta go sealadach agus féadfar sealbhóir poist gníomhach a cheapadh.

Féadfaidh Príomhoide Cúnta I agus Príomhoide Cúnta II iarratas a chur isteach ar an bpost TSBP cibé acu a roinntear é, nó a mhalairt. Mar sin féin, sula ndéantar ceapacháin den chineál sin, ní mór don Fhostóir a bheith sásta gur féidir leis an gComhordaitheoir TSBP, chomh maith le tabhairt go hiomlán faoin bpost TSBP, ról agus freagrachtaí an phoist fhreagrachta a chomhlíonadh go cumasach agus go héifeachtach. Ní mór freisin don fhostóir a bheith sásta nach gcuirfidh cineál an phoist freagrachta isteach ar chumas an

¹ Déantar clárú mhúinteoirí a rialú faoi Alt 31 d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta 2001-2015. Cláraíonn an Chomhairle múinteoirí faoi **Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárúchán] 2016** agus **Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárúchán] (Leasú) 2016**.

Chomhordaitheora TSBP caidrimh dhearfacha a thógáil le tuismitheoirí. Ní mór don mhúinteoir go n-aontaíonn sé/sí leis seo ar an tslí a leagtar amach é sa Litir Cheapacháin (Féach an Litir Shamplach Cheapacháin in Aguisín C).

I gcás gach iarrthóra, ní mór do BB/BOO gach scoile a bhfuil baint acu le cnuasghrúpaí a chinntiú go gcomhlíonann iarrthóir óna scoileanna faoi seach na critéir incháilitheachta sula gceadaítear dó/di dul chun ar aghaidh chuig an chéim agallaimh.

2. Fógraíocht faoin bPost TBSP

Caithfear fógraíocht inmheánach a stiúradh i gcónaí faoi phost an Chomhordaitheora TBSP i ngach scoil den ghrúpa óir go gceaptar an Comhordaitheoir TBSP ó bhail foirne na scoile(anna) sa ghrúpa TBSP (féach Aguisín A).

Sa chás go gcomhroinneann dhá scoil nó níos mó post an Chomhordaitheora TBSP eatarthu, ba cheart do na Príomhoidí agus Bord Bainistíochta/Bord Oideachais agus Oiliúna gach scoile den ghrúpa teacht ar chomhaontú roimh ré ar thionscnamh an phróisis sannacháin faoi mar a léirítear sa chiorclán seo.

Cuirfear fógra faoi phost folamh ar bith i suíomh sofheicthe ar an gclár/na cláir fógra foirne laistigh den/de na scoil(eanna). Sonrófar san fhógra an spriocdháta d'fháil iarratas nár cheart iad a sheoladh tráth nach luaithe ná 10 lá scoile tar éis dáta tosaigh chur an fhógra sa scoil. Ba chóir go bhfanfadh an fógra ar an gclár fógraí go dtí go mbeidh an spriocdháta d'iarratais istigh.

Na bail foirne ar chead neamhláithreachta faofa le híocaíocht nó gan íocaíocht nó ar iasacht; bíonn siad incháilithe chun iarratas a dhéanamh, agus is amhlaidh dá réir a sheolfar an post folamh go díreach chuig an seoladh teagmhála ainmnithe nó na seoltaí ríomhphoist leis na hoidí úd.

Míneofar san fhógra:

- an spriocdháta d'fháil iarratas. Ní tharlóidh an dáta sin trácht nach luaithe ná deich lá scoile tar éis dháta deiridh phostála an fhógra. Áirítear leis an tréimhse dheich lá scoile an dáta deiridh do phostáil an fhógra.
- róil agus cúraimí a bhaineann leis an bpost (faoi mar a fhaightear in Aguisín F den Chiorclán seo).
- a Ba chóir Curriculum Vitae a thaisceadh.
- má theastaíonn tuarascálacha nó faisnéis dhoiciméadach eile.

Níor chóir go n-iarrfaí sonraí ar bith a iarraidh, a fhorléireofaí mar chinn leatromacha ar cheann ar bith de na forais toirmiscthe leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015 (.i. inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, creideamh reiligiúnach, aois, cine, míchumas nó bheith ar dhuine den Lucht Siúil).

Sa chás nach gcuirfeadh múinteoir/múinteoirí ar bith sa scoil/sna scoileanna iarratas isteach ar an bpost nó sa chás go mbainfeadh deacracht le mealladh baill foirne chun an phoist; ba cheart go ndéanadh an scoil teagmháil agus go bhfaighidís tacaíocht láithreach bonn ón mBainisteoir Tusla ábhartha maidir le Seirbhísí Comhtháite EWS, chun forbairt foirne faoin tsaincheist a éascú agus a mhúnlú, chun soiléiriú a thairiscint, chun aghaidh a thabhairt ar ábhair inní (féach Aguisín B le haghaidh sonraí teagmhála).

3. An próiseas roghnúcháin

Caithfear agallamh faoi chomhair an phoist a reáchtáil sa chás nach mbeadh ach iarratasóir amháin ann. Caithfear bord agallóireachta a cheapadh chun na críche sin. Cosúil le sannachán múinteoireachta ar bith, ba cheart go gcloífí leis na Ciorcláin Rannacha ábhartha i dtéarmaí earcaíocht/ath-imscartha le sannadh Comhordaitheora TBSP. Sa chás gur post comhroinnte atá sa phost TBSP, caithfidh na scoileanna aontú ar an bpróiseas earcaíochta i gcomhréir leis an gclár.

Ní mór do scoil an iarratasóra a n-incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar an bpost a dheimhniú roimh an bpróiseas agallóireachta féin.

Níor cheart múinteoir a shannadh in imthosca ar bith do ról an TBSP ar bhonn sealadach, ar feitheamh chur i gcrích an phróisis agallóireachta chun post an Chomhordaitheora TBSP a líonadh.

4. Bord Roghnúcháin

Cé gurbh inmhianaithe go mbeadh ionadaíocht ag gach scoil sna braislí ar an mbord agallóireachta, moltar gan níos mó ná triúr bheith air.

Sa chás gur post comhroinnte atá sa phost TBSP, ba chóir go bhféachfadh an bord agallóireachta chun ionadaíocht a fháil ó gach scoil pháirteach sa ghrúpa (.i. bunscoil, iar-bhunscoil, BOO, pobalscoil agus scoil chuimsitheach), de réir mar ba chúí. Comhaontóidh an Bord Bainistíochta/BOO gach scoile ar chomhdhéanamh an bhoird agallóireachta sa ghrúpa.

Ba cheart go léireofaí ionadaíocht inscne sa bhord agallóireachta an oiread agus ab fhéidir.

Moltar go mbeadh an bord agallóireachta comhdhéanta de rogha ó:

- Cathaoirleach/cathaoirligh na mBord Bainistíochta/Ionadaí an BOO de réir mar ba chúí
- Príomhoide/príomhoidí ón scoil/ó na scoileanna ábhartha
- Daoine eile leis an taithí agus leis an eolas iomchuí

Ní foláir don bhord agallóireachta roimh an bpróiseas agallóireachta féin critéir mheasúnaithe a bhunú agus a thaifeadadh i scríbhinn, ag féachaint don reachtaíocht iomchuí agus do cheanglais an phoist mar Chomhordaitheoir TBSP. Ba chóir go bhfógródh duine ar bith nach ball den bhord agallaimh iad na critéir a fhógairt d'iarratasóirí roimh an agallamh.

Feidhmeanna ginearálta an Bhoird Agallaimh

Is é an bord agallaimh:

- Stiúranann siad na hagallaimh.
- Ní foláir dóibh a áirithiú go mbaineann gach ceist le ceanglais an phoist. Ní fhiafrófar ceist ar bith ná ní lorgófar faisnéis ar bith i gcineál ar bith ó iarrthóir a d'fhorléireofaí mar chinn leatromacha.
- Ní mór dóibh cloí le forálacha na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015 agus le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.
- Ní foláir nach dtugann siad machnamh ná ualú don earnáil nó don scoil ina múineann an t-iarrthóir.

5. Toradh an phróisis agallaimh agus fógra d'iarrthóirí

Chomh luath agus is féidir ach a mbeidh an próiseas earcaíocht críochnaithe, ba chóir go bhfógrófaí don iarrthóir rathúil faoina s(h)annachán, agus ba cheart go dtabharfaí fógra do na hiarrthóirí neamhrathúla dá réir.

Is é an fostóir (Bord Bainistíochta/BOO) a chaithfidh fógra a thabhairt don Aonad um Ionchuisiú Sóisialta leis an Roinn Oideachais agus Scileanna láithreach bonn, nó is é fostóir na scoile bunáite i gcás poist chomhroinnt TBSP, faoi shannachán Comhordaitheora TBSP ach Foirm Shannacháin TBSP a chomhlánú ag Aguisín D.

Cuid a Trí



Coinníollacha seirbhíse don phost mar Chomhordaitheoir TBSP

1. Oidí lánaimseartha a ghlacann post mar Chomhordaitheoir TBSP

D'ainneoin an cheanglais do sholúbthacht laistigh den TBSP, is é an múinteoir (cé is moite de Leas-Phríomhoide) leis an sannachán chuig an bpost TBSP a choinneoidh a gcoinníollacha seirbhíse sa scoil bhunáite, m.sh., na coinníollacha dá bpost substainteach i gcás múinteora bhuaín agus den chonradh téarma sheasta, i gcás múinteora shealadaigh.

Fanfaidh sé/sí i bhfostaíocht faoina c(h)onradh fostaíochta bunaidh le Bord Bainistíochta/BOO aonair ar feadh achar a c(h)uid dualgas mar Chomhordaitheoir TBSP.

Is é an t-aon téarma nó coinníoll dá c(h)uid fostaíochta a athraíonn arna s(h)annadh chuig an ról mar Chomhordaitheoir TBSP ná cineál a c(h)uid dualgas arb ionann iad anois agus cinn an Chomhordaitheora TBSP arna leagan amach in Aguisín F den Chiorclán seo.

2. Oidí nach bhfuil ag obair go lánaimseartha faoi láthair, a ghlacann an post mar Chomhordaitheoir TBSP

I gcás oidí nach bhfuil ag obair go lánaimseartha faoi láthair, tarlaíonn na hathruithe seo a leanas ar feadh achar an tsannacháin chuig an bpost mar Chomhordaitheoir TBSP:

- ní foláir dualgais TBSP lánaimseartha a dhéanamh
- Tíocfaidh athrú ar chineál a c(h)uid dualgas chuig na cinn den phost mar Chomhordaitheoir TBSP arna leagan amach in Aguisín F den Chiorclán seo.

3. Incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar phost freagrachta sa scoil bhunáite agus iad ag obair mar Chomhordaitheoir TBSP

Bíonn Comhordaitheoir TBSP incháilithe dá gceapadh nó chun seilbh a choinneáil ar phost mar Leas-Phríomhoide I nó mar Leas-Phríomhoide II ina scoilsean, faoi réir ag deimhniú i scríbhinn ón bhfostóir agus ón múinteoir go mbíonn sé/sí sásta gur féidir ról agus freagrachtaí an phoist a chomhlíonadh go hiomlán.

Bíonn Comhordaitheoir TBSP incháilithe dá gceapadh chuig post Leas-Phríomhoide, ach beidh air/uirthe éirí as an bpost mar Leas-Phríomhoide (agus liúntas comhbhainteach) go sealadach, agus iad i seilbh an phoist mar Chomhordaitheoir TBSP nó éirí as dualgais TBSP agus glacadh le post an Leas-Phríomhoide. Sa chás go n-éiríonn Leas-Phríomhoide as a p(h)ost go sealadach, is féidir Leas-Phríomhoide Feidhmeach a cheapadh i gcomhréir leis na Ciorcláin ábhartha ón Roinn (féach www.education.ie).

Cuid a Ceathair



Sannadh chuig an bpost mar Chomhordaitheoir TBSP

1. Litir shannacháin

Sula nglacann siad le ról an Chomhordaitheora TBSP, ba cheart don fhostóir (Bord Bainistíochta/BOO)(.i. an scoil bhunáite) Litir Shannacháin a sheoladh chuig an gComhordaitheoir TBSP.

Ba chóir go n-áireofaí leis an Litir Shannacháin, ar cheart do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta/Phríomhfheidhmeannach an BOO a síniú a chur léi, Duillín Glactha, nach foláir bheith sínithe agus dátaithe ag an gComhordaitheoir TBSP. Is ceanglas é go seoltar an Duillín Glactha ar ais chuig an mBord Bainistíochta/BOO roimh a sannachán chuig an bpost mar Chomhordaitheoir TBSP.

Ba cheart go gcoinneofaí cóip den Litir Shannacháin agus den Duillín Glactha sínithe leis na taifid scoile agus go n-eiseofaí cóip chuig an gComhordaitheoir TBSP. Áirítear eiseamláir de Litir Shannacháin le hAguisín C.

Ba chóir go n-áireofaí leis an Litir Shannacháin an méid seo a leanas:

- a) deimhniú nach mairfidh sannachán na ndualgas TBSP ach amháin ar feadh uastréimhse 5 bliana
- b) deimhniú ar éag don sannachán TBSP gur féidir leis an múinteoir atá sannta filleadh ar dhualgais teagaisc, má bhíonn údar leis, laistigh den scoil/den Réigiún BOO (de réir mar is ábhartha) inar fostaíodh é/í, nó gur féidir teidlíochtaí faoi phainéil ath-imscartha bheith acu
- c) deimhniú go dtagann an post mar Chomhordaitheoir TBSP faoi réir leithdháileadh TBSP chuig scoileanna ag an Roinn
- d) ról an Chomhordaitheora TBSP (Aguisín F).

TABHAIR FAOI DEARA:- Is féidir le Bainisteoir ábhartha Seirbhísí Comhtháite EWS Tusla nó le Cigireacht na Roinne iarratas a dhéanamh chun féachaint ar chóip den Litir Shannacháin.

Cuid a Cúig



TBSP - Socruithe bainistíochta agus tuairiscithe sna Scoileanna DEIS

Ba cheart go mbeadh na socruithe a thuairiscítear thíos bheith sothuigte do na páirtithe i gceist.

Bainistiú laethúil: Is le Bord Bainistíochta/BOO na scoile bunáite, mar an Fostóir, an phríomhfhreagracht as cur i bhfeidhm na dtéarmaí aguss na gcoinníollacha den phost mar Chomhordaitheoir TBSP. Is féidir leis an mBord Bainistíochta/BOO bainistiú laethúil agus treo shaothar an Chomhordaitheora TBSP a tharmligean chuig Príomhoide na scoile bunáite.

Sa chás gur post comhroinnte é an Comhordaitheoir TBSP, is faoi Bho(i)rd B(h)ainistíochta/BOO(i) na scoileanna chun teacht ar shocrú maidir le comhroinnt an phoist TBSP. Má bhaineann deacrachtaí do scoileanna chun teacht ar chomhaontú comhantaithe, ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh lena mBainisteoir Seirbhísí Comhtháithe EWS Tusla ábhartha.

Bíonn an phríomhfhreagracht as an sannachán ag Bord Bainistíochta/BOO na scoile bunáite; ach ba cheart don Chomhordaitheoir TBSP dlúthchaidreamh oibre a chothabháil le Príomhoide/Bord Bainistíochta/BOO na scoile(anna) sa ghrúpa a bhaineann leis an TBSP agus lena rannpháirtíocht i bhforfheidhmiú Phlean(anna) Gníomhaíochta na scoile(anna) d'Fheabhsú.

Freagracht: Is é an Bord Bainistíochta/BOO i ngach aon scoil a bhíonn freagrach as an saothar TBSP a dhéantar ina scoilsean. Nuair a bhíonn an post roinnte, déanann Príomhoide/Príomhoidí na scoile / na scoileanna ábhartha comhordú ar obair laethúil an Chomhordaitheora TSBP (Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail) le linn an ama a leithdháileadh ar a scoil.

Réigiúnach/Náisiúnta: Aithnítear go bhfuil an caidreamh foirmiúil tuairiscithe don Chomhordaitheoir TSBP leis an bPríomhoide agus an Bord Bainistíochta/ BOO.

Tá freagracht sainordaithe ag Tusla EWS as bainistíocht, forbairt agus treo an Scéim TSBP (agus an Chláir Críochnaithe Scoile), de réir bheartas na Roinne. Sa chomhthéacs sin, tá an caidreamh gairmiúil idir Comhordaitheoirí TSBP áitiúla agus Bainisteoir Seirbhísí Comhtháite Tusla EWS ábhartha an-tábhachtach. Déanann meantóirí Bainisteoir Seirbhísí Comhtháite EWS, treoracha agus comhairle a thabhairt do scoileanna agus do bhraislí TSBP ina gcuid oibre. Tá sonraí teagmhála do Bhainisteoirí Seirbhísí Comhtháite Tusla EWS ábhartha ar fáil in Aguisín B.

Tá Aonad um Chuimsiú Sóisialta na Roinne freagrach as leithdháileadh náisiúnta poist Chomhordaitheoirí TSBP agus leithdháileadh maoinithe DEIS. Tá gach scoil freagrach don Roinn maidir leis seo.

Cuid a Sé



Treoirínte maidir le húsáid an Deontais Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (TSBP)

Leithdháiltear cuid TSBP den Deontas bliantúil DEIS chun tacaíochtaí spriocdhírthe a sholáthar, trí chomhoibriú agus comhpháirtíocht a fhorbairt idir tuismitheoirí agus múinteoirí na leanaí, atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus an scoil a fhágáil go luath.

Tá sé riachtanach go gcuirfead ar a laghad **10%** den Deontas bliantúil DEIS do gach scoil ar fáil don Chomhordaitheoir TSBP lena n-úsáid ar ghníomhaíochtaí TSBP. Más rud é nach bhfuil 10% den Deontas DEIS leordhothánach, ba chóir don scoil a rogha féin a úsáid maidir leis an méid maoinithe cuí ón Deontas DEIS ar chóir a chur ar fáil chun an tseirbhís TSBP a oibriú.

Caithfidh scoileanna a bheith ar an eolas faoi luach ar airgead a fháil, maidir le ceannacháin shuntasacha trealaimh, m.sh. ríomhairí glúine agus / nó printéirí. Agus é seo i gcuimhne, ní fhéadfar an 10% den Deontas DEIS leithdháilte a chaitheamh ach amháin ar ghníomhaíochtaí / acmhainní atá nasctha go díreach le **rannpháirtíocht tuismitheoirí** atá leagtha amach i bPlean bliantúil Plean Gníomhaíochta na scoile um Fheabhsúcháin agus TSBP

Ní mór monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas an TSBP agus a threorú go cuí agus go comhréireach agus a úsáid chun na torthaí a fháil mar a shainiúitear i bPlean Gníomhaíochta Feabhsúcháin na scoile, agus ba cheart athbhreithniú a dhéanamh orthu go rialta.

Féadfar an Deontas TSBP a úsáid chun na críocha seo a leanas:-

- Seomra tuismitheoirí a bhunú agus a chothabháil, gan caiteachas caipitil a áireamh
- Acmhainní cuí a cheannach le haghaidh gníomhaíochtaí TSBP, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta Feabhsúcháin na scoile agus ceadaithe ag Príomhoide na scoile.
- Costais taistil a íoc leis an gComhordaitheoir TSBP a tabhaíodh i gcomhlíonadh dualgais (cuairt a thabhairt ar an mbaile, freastal ar chruinnithe grúpaí, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)). Tá FGL Náisiúnta do Chomhordaitheoirí maoinithe go lárnach ag EWS Tusla agus an Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige (RLGO). Cuireann scoileanna le FGL trí chostais taistil ó dheontas DEIS na scoile a chlúdach (*Féach Ciorclán na Roinne Airgeadais 05/2017 agus Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0036/2017 le haghaidh rátaí cuí*).

Níl na héilimh maidir le cothabháil ceadaithe.

Ba cheart comhairle an Bhainisteora Seirbhísí Comhtháite ábhartha EWS Tusla EWS a fháil má tá gá le tuilleadh treorach maidir le caiteachas TSBP.

De réir Alt 18 den Acht Oideachais 1998, iarrann an Roinn go leanfaidh scoileanna, seachas scoileanna BOO (a bhfuil reachtaíocht déanta acu le hAcht BOO 2013), ag taifeadadh ar na gníomhaíochtaí go léir a dhéantar, chomh maith le hábhair agus acmhainní a ceannaíodh le deontais. **Ba cheart cuntais ioncaim agus caiteachais a choinneáil sa scoil agus go gcuirfí ar fáil iad, más gá, d'oifigigh na Roinne agus / nó d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.**

De réir Alt 51 den Acht BOO 2013, iarrann an Roinn gur chóir cuntais ioncaim agus caiteachais BOO a choinneáil agus a chur ar fáil ó am go ham d'oifigigh na Roinne.

Tacaíocht airgeadais do scoileanna mar mhalairt ar sheirbhísí TSBP Post an Chomhordaitheora

Más rud é nach féidir le scoil leas a bhaint as post Comhordaitheoir TSBP mar gheall ar a suíomh geografach agus ar achar ó scoileanna eile DEIS, eisítear leibhéal ceadaithe de chúrsaí tacaíochta airgeadais don scoil go bliantúil chun tacú le gníomhaíochtaí TSBP. Féadfaidh scoileanna an deontas seo a úsáid chun Comhordaitheoir páirtaimseartha TSBP a fhostú / a cheapadh. Ní fhéadfaidh múinteoir ranga reatha sa scoil an ról seo a dhéanamh.

Aguisín A

Fógra Samplach do phost Comhordaitheoir TSBP



Dáta Fógra:

Iarrtar iarratais le bheith sannta mar Chomhordaitheoir Teagmhála Baile Scoile agus an Phobail ar bhonn comhroinnte leis na scoileanna seo a leanas (más infheidhme):

1. _____
2. _____
3. _____

In éifeacht ó: _____

Cuirfear Litir iarratais agus Curriculum Vitae leis ar aghaidh chuig:

Ríomhphost: _____

NB: Glacann an Bord Bainistíochta/ BOO le hiarratais trí r-phost nó cóip chrua. (ba chóir go mbeadh cóip chrua nó r-phost, gan an dá cheann).

Is é **5pm** an dáta deiridh le haghaidh iarratas _____

Tá an tuarascáil ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne:

- Ciorclán an Roinn Oideachais agus Scileanna 0016/2019 **"Comhordaitheoirí HSCL a cheapadh i scoileanna DEIS"**
- Cur síos ar phost / Ról an Chomhordaitheora HSCL (Cuimsithe i gCiorclán 0016/2019)
- **"Leabhrán Eolais do scoileanna DEIS a ghlacann páirt sa Scéim HSCL"**

Sínithe _____

Aguisín B

Mionsonraí Teagmhála

An tAonad Iniamh Shóisialta

An Roinn Oideachais & Scileanna

Cor na Madadh

Áth Luain

Co. na hIarmhí

Freagrach as: Riarachán agus leithdháileadh post TSBP agus deontais DEIS do scoileanna

Fón: 090 6484152/6483772

Ríomhphost: social_inclusion@education.gov.ie

Bainisteoirí Seirbhísí Lánpháirtithe EWS Tusla

Bainisteoir	Ceantar	R-phost	Fón
Maria Tobin	Bainisteoir Seirbhísí Lánpháirtithe	maria.tobin@tusla.ie	086-4119336
David Dineen	An tIarthar Láir agus Lár Tíre	david.dineen@tusla.ie	087-6899521
Danielle Flynn	An tIarthar	danielle.flynn@tusla.ie	087-9188605
Irene Keogh	Baile Átha Cliath Laighin Láir	irene.keogh@tusla.ie	087-0661488
Anne-Marie McGovern	Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	annemarie.mcgovern@tusla.ie	087-9581991
Con Moynihan	An Deisceart	con.moynihan@tusla.ie	087-9085629

Ionad Oideachais Iarthar Bhaile Átha Cliath (Oifig Riaracháin TSBP)

Seanbhóthar Bhaile Coimín

Sráidbhaile Thamhlachta

Baile Átha Cliath 24

Sonraí Teagmhála: Zita Robinson

Fón: 01 4528000

R-phost: zrobinson@dwee.ie

Aguisín C

Litir Shamplach Cheapacháin don Phost mar Chomhordaitheoir TSBP (féadfar í a chur in oiriúint de réir riachtanais na scoile)

Ainm an Mhúinteora: _____

Ainm na Scoile: _____ Uimhir ar an Rolla: _____

A xxxx, a chara,

Aontaíonn an Bord Bainistíochta / BOO tú a cheapadh mar Chomhordaitheoir TSBP ar feadh tréimhse 5 bliana ar a mhéad, chun dualgais lánaimseartha a dhéanamh i ról an Chomhordaitheora TSBP atá bunaithe sa scoil ainmnithe thuas ón lá (mí) 201X go dtí an lá (mí) 201X.

Comhlíonfaidh tú do chuid dualgas agus freagrachtaí de réir na n-ábhar de Chiorclán na Roinne 0016/2019 - "**Comhordaitheoirí TSBP a cheapadh i scoileanna DEIS**", polasaithe an Bhoird Bhainistíochta / BOO agus na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta.

Seo a leanas an grúpa scoileanna a n-oibreoidh tú iontu i do ról mar Chomhordaitheoir TSBP: -

D'fhéadfá na scoileanna seo a bhfuil tú ag obair iontu a bheith faoi réir athraithe ag an Roinn le linn thréimhse an cheapacháin seo.

Fanann téarmaí agus coinníollacha d'fhostaíochta mar atá siad ach amháin maidir le cineál na ndualgas atá le déanamh agat mar Chomhordaitheoir TSBP (Féach Aguisín F).

Is ar Bhord Bainistíochta / BOO na na scoile bunáite atá an phríomhfhreagracht as an sannachán seo seo, lena n-áirítear a bhainistíocht ó lá go lá. Nuair a dhéantar an post mar Chomhordaitheoir TSBP a roinnt, bíonn dlúthchaidreamh oibre agat freisin le Príomhoide / Bord Bainistíochta / BOO na scoile / na scoileanna eile sa ghrúpa a bhaineann le TSBP agus lena rannpháirtíocht i gcur i bhfeidhm Plean(anna) Gníomhaíochta na Scoile (anna) le haghaidh Feabhsúcháin.

Coinníonn an Bord Bainistíochta / BOO an ceart chun deireadh a chur le do cheapachán mar Chomhordaitheoir TSBP, ar mhí-iompar nó ar chúiseanna leordhóthanacha eile, de réir na nósanna imeachta comhaontaithe, más infheidhme. I gcás scoir agus faoi réir forálacha reachtúla ábhartha, ní bheidh tú i dteideal filleadh ar aon luach saothair ná cúiteamh ach amháin i leith luach saothair atá dlite don obair a rinneadh roimh scoir.

Féadfar go gcuirfear deireadh le do cheapachán mar Chomhordaitheoir TSBP:

- Má athraíonn an Roinn an leithdháileadh TSBP do scoileanna
- Má chuirtear an post faoi chois sa scoil agus tú ar an múinteoir is sóisearaí sa scoil.

I gcás den sórt sin, (mura gcuirtear deireadh leis nó má dhéantar disciplíniú air, de bhun na sonraí sin a luaitear thuas), féadfaidh tú rogha a dhéanamh chun pilleadh ar do phost teagaisc substainteach nó a bheith faoi réir socruithe athlonnaithe atá i bhfeidhm, más infheidhme.

Má tá tú mar Phríomhoide Cúnta I nó Príomhoifigeach Cúnta II, caithfear na ról agus na freagrachtaí sin a chomhlíonadh go héasca agus go héifeachtach agus tú sa phost TSBP.

SÍNITHE thar ceann Fhostóir/Bord Bainistíochta/BOO na Scoile:

_____ Dáta: _____

DUILLÍN GLACTHA

Tar éis na hábhair atá sa Litir Cheapacháin dar dáta _____ a léamh agus a thabhairt faoi deara chomh maith le hábhar an Chiorcláin 0016/2019 "Comhordaitheoirí TSBP a cheapadh i Scoileanna DEIS", Aontaím _____ (ainm Comhordaitheoir TSBP) le téarmaí an Cheapacháin TSBP.

SÍNITHE AG AN gCOMHORDAITHEOIR TSBP

DÁTA:

Ainm na Scoile Bunáite:
Bunáite

Uimhir Rolla na Scoile

Ráiteas Príobháideachais um Chosaint Sonraí

Is é príomhchuspóir na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú chun post Comhordaitheoir TSBP a cheapadh.
Ní mór don Scoil Ráiteas Príobháideachais a chur isteach anseo



Aguisín D

FOIRM CHEAPACHÁIN DON PHOST MAR CHOMHORDAITHEOIR TSBP

Ainm agus Seoladh na Scoile Bunáite	Uimhir Rolla na Scoile Bunáite	Sa chás ina mbíonn an Post TSBP roinnt idir grúpa scoileanna, liostaigh ainmneacha na scoileanna eile anseo

Ainm an Chomhordaitheora TSBP Nuashanta	Uimh. PSP	Fad an Cheapacháin .i. dáta sannta ag an bpost TSBP go deireadh an dáta sannta	Ainm an Chomhordaitheora TSBP a bhfuiltear ag teacht ina áit	Sa chás ina bhfuil an sannachán nua TSBP déanta chun tréimhse bhreiteachta/ mháithreachais a chlúdach, tabhair na sonraí anseo
		Dáta Ceapacháin: <div style="border: 1px solid black; padding: 5px; width: fit-content; margin: 5px auto;"><p style="text-align: center;">Lá/Mí/Bliain</p><p>Ó: / /</p><p>Chuig: / /</p></div>		

Tabhair faoi deara: Ní fhéadfar múinteoir a cheapadh do phost Comhordaitheoir TSBP ach ar feadh tréimhse uasta 5 bliana amháin.

Dearbhaím, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go gcomhlíonann an té thuasainmnithe agus a ceapadh do phost an Chomhordaitheora TSBP:

Síniú Phríomhoide na Scoile (Scoil Bhunáite): _____ Dáta: _____

Ráiteas Príobháideachais um Chosaint Sonraí

Is é príomhchuspóir a bhfuil na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú ag teastáil ón Roinn chun post Comhordaitheoir TSBP a cheapadh. Féadfar go ndéanfar na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú a mhalartú le Seirbhís Leasa Oideachais Tusla.

Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas cosanta sonraí na Roinne ina leagtar amach conas a úsáidfimid do chuid sonraí pearsanta chomh maith le faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ag <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/>. Tá mionsonraí faoin bhfógra polasaí agus príobháideachais seo ar fáil freisin i gcóip chrua ón seoladh thíos nuair a iarrtar é.

Ba chóir an Fhoirm Chomhlánaithe Bunaidh (ag Scoil Bhunáite) a chur ar aghaidh, roimh an dáta a shanntar an Comhordaitheoir TSBP: -
An tAonad um Chuimsiú Sóisialta, An Roinn Oideachas agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luaith, Co. na hIarmhí.

Aguisín E



Buanna an Chomhordaitheora TSBP

"Mar chuid de ghnéithe suntasacha na comhpháirtíochta tá dáimh ann; sainiú spriocanna; cumarsáid; struchtúir atá daonna agus comhbhách; díriú ar thascanna; dlúthpháirtíocht; comh-chuntasacht; cumhachtú; agus claochlú. Is féidir leis na cáilíochtaí seo, ag obair le chéile nó i ndiaidh a chéile, athruithe agus fás a spreagadh agus is as sin a chumasófar grúpaí agus pobail. Éascaíonn sé seo claochlú atá mar chuid lárnach den chomhpháirtíocht."

Concepta Conaty – The Home School Community Liaison Scheme in Ireland –
From Vision to Best Practice

Is é seo a leanas na buanna ba chóir a bheith ag Comhordaitheoirí TSBP:

- √ Beidh tiomantas acu tacú le tuismitheoirí páistí a chumasú chun barr a gcumais a bhaint amach.
- √ Beidh tiomantas acu do thuismitheoirí barr a gcumais a bhaint amach mar phríomhoideachasóirí a gcuid páistí.
- √ Beidh siad in ann an cumas agus an toilteanas caidreamh dearfach gairmiúil a chruthú le tuismitheoirí, daltaí, Príomhoidí, foireann agus páirtithe leasmhara ábhartha, chun difríocht dhearfach a dhéanamh ar thaithí an pháiste ar scoil.
- √ Beidh siad suas chun dáta le taighde atá bunaithe ar fhianaise maidir leis an méid a oibríonn, i gcomhthéacs áirithe, chun cabhrú le leanaí freastal, páirt a ghlacadh san fhoghlaim agus iad a choinneáil sa chóras.
- √ Beidh an cumas acu tuiscint a fháil ar riachtanais na dteaghlach agus na bpobal imeallaithe agus na deacrachtaí a bhíonn ag teaghlach agus pobail imeallaithe agus go mbeifear in ann pleananna a chur i bhfeidhm chun freagra a thabhairt ar na riachtanais sin.
- √ Beidh an cumas acu a bheith ag obair ar bhealach idirghníomhaireachta agus idirdhisciplíneach.
- √ Beidh an cumas acu monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na n-idirghabhálacha atá curtha i bhfeidhm chun tacú le tuismitheoirí agus le leanaí agus torthaí feabhsaithe a léiriú.
- √ Beidh an cumas acu foireann a threorú agus a thógáil.

Aguisín F



Cur síos poist/Ról an Chomhordaitheora TSBP

Déanfaidh an Comhordaitheoir TSBP an méid seo a leanas:

- Déanfaidh siad comhpháirtíocht a spreagadh, a thacú agus a éascú idir tuismitheoirí agus múinteoirí chun oideachas leanaí a fheabhsú.
- Caithfidh siad trian dá gcuid ama, ar a laghad, tabhairt cuairte ar bhailte na ndaltaí chun:
 - Cruthóidh siad iontaobh idir an baile agus an scoil.
 - Spreagfaidh siad tuismitheoirí chun a bheith rannpháirteach in oideachas a bpáistí.
 - Tabharfaidh siad eolas faoin scoil agus na seirbhísí atá ar fáil sa phobal.
 - Aimseoidh siad ceannairí i measc na dtuismitheoirí atá toilteanach páirt a ghlacadh i ngníomhartha na Scéime TSBP agus a bheith mar acmhainn ag tuismitheoirí eile.
 - Déanfaidh siad monatóireacht ar éifeachtúlacht idirghabhálacha a cuireadh i bhfeidhm.
- Oibreoidh siad leis an bhfoireann chun tuiscint a fháil ar mhíbhuntáiste oideachasúil agus cur chuige agus modheolaíochtaí nuálacha a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt air, mar mhíbhuntáiste.
- Forbróidh siad agus cuirfidh siad chun cinnrannpháirtíocht tuismitheoirí a fhorbairt mar chuid dhílis den phróiseas pleanála forbartha scoile / DEIS agus ina gcuid oibre, chun tacú le forbairt, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú an Phlean Gníomhaíochta um Fheabhsúchán.
- Bunóidh siad struchtúir chun riachtanais tuimsitheoirí a aithint.
- Oibreoidh siad le tuismitheoirí chun iad a ullmhú agus a thacú mar acmhainn dá leanaí féin agus do phobal na scoile níos leithne freisin.
- Tacóidh siad naisc a bhunú agus tuilleadh acu a fhorbairt idir suíomhanna na luathbhlianta, tuismitheoirí, teaghlaigh, scoileanna agus pobail chun tacú le leanaí ar fud an chontanaim oideachais
- Tacóidh siad le bearta tacaíochta chun tinream agus rannpháirtíocht an Lucht Siúil, na Romaigh agus daltaí eile a fheabhsú agus chun iad a choinneáil ar scoil, daltaí a bhfuil riosca ar leith ann go bhfuil droch-rannpháirtíocht acu leis an oideachas agus go bhfágfaidh siad an scoil go luath.
- Oibreoidh siad i gcomhar le EWS Tusla agus leis an gClár Críochnaithe Scoile (CCS) chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a chuireann isteach ar fhreastal leanaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus an scoil a fhágáil go luath, ar an rannpháirtíocht a bhíonn acu leis an scoil agus chun iad a choinneáil ann.

- Déanfaidh siad teagmháil le tuismitheoirí na ndaltaí a bhíonn á meas le haghaidh tacaíochtaí breise trí CCS ionas go dtuigeann na tuismitheoirí seo na tacaíochtaí atá á dtairiscint, na fáthanna a bhfuil siad á dtairiscint agus a chinntiú go dtugtar toiliú tuismitheoirí.
- Tacóidh siad le haistrithe rathúla ó chúram agus oideachas luath-óige go bunscoil, bunscoil go hiarbhunscoil agus iar-bhunscoil go dtí an t-ard-oideachas. Beidh ról lárnach ag TSBP chun dul i ngleic le príomhghníomhaithe eile chun tacú le hathruithe agus a chinntiú go dtugtar tacaíocht iomlán do dhaltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.
- Éascóidh siad soláthar cláir fóillíochta, curaclaim, tuismitheoireachta agus forbartha pearsanta do thuismitheoirí.
- Glacfaidh siad páirt i bpolasaí seirbhísí comhtháite agus i gcleachtas EWS Tusla, cuirfidh siad leis agus tacóidh siad leis freisin.
- Déanfaidh siad teagmháil go foirmiúil le seirbhísí litearthachta do dhaoine fásta agus teaghlaigh agus bunóidh siad agus cothóidh siad struchtúir chúí chun rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a éascú i bhfoghlaim a leanaí sa scoil agus sa bhaile i réimsí mar litearthacht, uimhearthacht, cúrsaí fóillíochta / curaclaim, forbairt phearsanta, tuismitheoireacht, léamh roinnte etc.
- Éascóidh siad oiliúint tuismitheoirí mar cheannairí pobail agus mar thaca le tuismitheoirí eile.
- Bunóidh siad agus cothóidh siad naisc le scoileanna eile chun dul i ngleic leis na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla agus le struchtúir Choistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga chun tógáil ar na struchtúir agus saineolas atá ann cheana féin, dúbailt soláthair a sheachaint agus nasc a dhéanamh chun cabhrú le daltaí agus le tuismitheoirí páirt a ghlacadh i gníomhaíochtaí pobail.
- Éascóidh siad rannpháirtíocht le múinteoirí, le tuismitheoirí, daltaí agus gníomhaireachtaí pobail agus polasaithe scoile a cheapadh.
- Bunóidh siad / coimeádfaidh siad / glacfaidh siad páirt leis an gCoiste Oideachais Áitiúil a fhéachann le freagra a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an scoil ag leibhéal an phobail, a chuireann isteach ar fhoghlaim, agus déanfaidh siad iarracht aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo trí chomhoibriú le tuismitheoirí, le daltaí, le gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla.
- Nuair is cuí, is féidir le scoileanna tús a chur le 'Meitheal', an tsamhail chleachtais do Sheirbhís Tacaíochta Teaghlaigh Tusla, d'fhonn tacaíocht bhreise a fháil do leanaí agus do theaghlaigh trí chomhoibriú le gníomhaireachtaí pobail.
- Déanfaidh siad planáil, monatóireacht agus measúnú ar idirghabhálacha TSBP trí:
 - a. Leis an bPríomhoide cuirfidh amach plan bliantúil TSBP agus sainspriocanna leis
 - b. Leis an bPríomhoide cuirfidh amach clár ama seachtainiúil TSBP
 - c. Déanfaidh siad taifead ar gach teagmháil shuntasach le teaghlaigh agus déanfar tosaíocht de chuirteanna baile
 - d. Comhlánfaidh siad Foirm Tuairisceáin TSBP i ndáil le (a) Caiteachas agus (b) Cuspóirí, Spriocanna, Gníomhaíochtaí agus Torthaí faoi Scéim TSBP.

Aguisín G

Ceisteanna Coitianta

Cá fhad a mhaireann an sannachán le haghaidh an Chomhordaitheora TSBP?

Féadfar múinteoir a cheapadh do phost Comhordaitheoir TSBP ar feadh tréimhse uasta 5 bliana amháin.

An féidir le Comhordaitheoir TSBP iarratas a chur isteach chun post a roinnt?

Toisc gur post lánaimseartha é TSBP, ní mór do Chomhordaitheoirí TSBP éirí as an bpost atá acu mar Chomhordaitheoir TSBP dá mba mhian leo post a roinnt. Ní mór do mhúinteoir páirtaimseartha nó múinteoirí atá ag roinnt poist agus ar mian leis/léi an post mar Chomhordaitheoir TSBP a ghlacadh dul ar ais ar obair ar bhonn lánaimseartha.

An féidir le Comhordaitheoir TSBP iarratas a chur isteach ar shos gairme?

Is féidir le Comhordaitheoirí TSBP iarratas a chur isteach ar shos gairme. Mar sin féin, nuair a thagann sealbhóir poist an TSBP ar ais ó shos gairme ní fhillfidh siad ar an bpost TSBP ach ar a bpost substainteach sa scoil, sa chás ina mbíonn an post fós de dhíth.

An féidir an post mar Chomhordaitheoir TSBP a líonadh i gcás asláithreachta (saoire bhreiteacha/mháithreachais)?

Nuair a bhíonn an Comhordaitheoir TSBP as láthair mar gheall ar shaoire bhreiteachta, máithreachais, saoire chúramóirí srl, ba chóir go scrúdófaí clúdach don tsaoire ar bhonn cáis ar chás ag glacadh san áireamh fhad féideartha na saoire.

I gcás ina gcinneadh go gcaithfeadh an post a líonadh ar feadh tréimhse na saoire, fógraítear an post TSBP sa scoil nó i ngrúpa scoileanna de réir na nósanna imeachta atá sa Chiorclán seo. Meastar go huathoibríoch gurb í scoil bhunáite an Chomhordaitheora TSBP an scoil bhunáite ina bhfuil an t-iarratasóir rathúil ag teagasc i láthair na huaire. Cuirtear clúdach ionadaithe ar fáil chun go gclúdaítear asláithreacht an Chomhordaitheora TSBP ionaid sa seomra ranga.

I gcás nach bhfuil aon mhúinteoir atá cáilithe go cuí ar fáil chun an post TSBP a líonadh ón ngrúpa le haghaidh asláithreachtaí den sórt sin, ba cheart don Bhord Bainistíochta / BOO teagmháil a dhéanamh lena mBainisteoir Seirbhísí Comhtháite EWS le haghaidh cúnaimh. Más rud é seo a leanas nach bhfuil aon iarrthóir oiriúnach ar fáil chun an post a líonadh, féadfaidh an Bord Bainistíochta / BOO mar imthosca eisceachtúil, cead a thabhairt do mhúinteoir ionaid cháilithe cuí, atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta le taithí teagaisc dhá bhliain, a mheastar gur iarrthóir cuí é, post speisialaithe an Chomhordaitheora TSBP a líonadh.

Tabhair faoi deara le do thoil go n-áirítear an t-am a tógadh as asláithreacht (lena n-áirítear post eile a thógáil ar bhonn sealadach) mar chuid den téarma cúig bliana.

An bhfuil an scoil i dteideal múinteoir ionaid a cheapadh nuair nach bhfuil Comhordaitheoir TSBP i láthair mar gheall ar fhreastal ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach?

Níl, ní féidir leis an scoil múinteoir ionaid a cheapadh in ionad Comhordaitheoir TSBP atá as láthair ag Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.

Céard é an scéal má tharlaíonn folúntas Comhordaitheoir TSBP i lár na scoilbhliana?

Má tharlaíonn folúntas TSBP i rith na scoilbhliana, ba chóir an post a líonadh láithreach, de réir na nósanna imeachta atá sa Chiorclán seo. Tá líonadh aon fholúntais mar thoradh air seo faoi réir na socruithe earcaíochta / athlonnaithe atá i bhfeidhm. Beidh an sannachán TSBP ar feadh 5 bliana ar a mhéad, ag críochnú an 31ú Lúnasa den chúigiú bliain.

I gcás ina roinntear post Comhordaitheoir TSBP idir grúpa scoileanna, cé atá freagrach as sealbhóir an phoist?

Tá an Fostóir, is é sin, Bord Bainistíochta/ BOO na scoile bunáite freagrach as an gComhordaitheoir TSBP. Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach Cuid a Cúig den Chiorclán seo dar teideal " **TSBP - Socruithe Bainistíochta agus Tuiriscithe i Scoileanna DEIS**".

Cad é an socrú do phost TSBP atá roinnte idir scoileanna?

Tá sé mar fhreagracht ag Boird Bhainistíochta/ BOO na scoileanna teacht ar réiteach maidir leis an bpost TSBP a roinnt. Má bhíonn deacrachtaí ag scoileanna teacht ar shocrú aontaithe, ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh lena mBainisteoir Seirbhísí Comhtháite EWS Tusla ábhartha. Tá sonraí teagmhála ar fáil in Aguisín B.

Cad é an socrú don Chomhordaitheoir TSBP ag deireadh a s(h)annacháin?

Ag deireadh an cheapacháin caithfidh Comhordaitheoir TSBP filleadh ar phost teagaisc laistigh den leithdháileadh don scoil. I gcás go n-éireoidh le múinteoir páirtaimseartha a bheith sannta ar bhonn lánaimseartha mar Chomhordaitheoir TSBP, nuair a bheidh an sannachán críochnaithe, caithfidh siad post múinteoireachta páirtaimseartha a ghlacadh sa scoil, mura bhfuil post lánaimseartha ar fáil laistigh den leithdháileadh na scoile nó sa chás inar bronnadh CID don mhúinteoir.

Ba chóir tuilleadh ceisteanna a chur chuig Bainisteoirí Seirbhísí Lánpháirtithe EWS Tusla